# Babhta Oscailte Coimisiúnaithe 2026

# Dáta Deiridh d'Iarratais: 16:00 an 1 Nollag 2025

Fáilteoidh TG4 roimh smaointe ó léiritheoirí dá sceideal 2026 ar féidir a mhaoiniú 100 % ag TG4. Táimid ag lorg smaointe a chuireann súil eile TG4 chun cinn, atá ag teacht le spriocanna cláir agus straitéise TG4 agus atá dírithe ar an lucht féachana atá againn sa Ghaeltacht, ar fud na tíre agus ar fud na cruinne.

Is riachtanas de chuid TG4 é go mbeadh eolas ag comhlacht ar bith a mbronntar coimisiúnú air ar Chaighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4, Polasaí Comhlíontachta TG4 agus na hoibleagáidí reachtúla agus rialála atá i gceist faoin Acht Craolacháin 2009 chomh maith le heolas a bheith acu ar Chóid agus Rialacha ábhartha Choimisiún na Meán (CnaM.ie).

## Sula ndéantar iarratas:

- **Léigh Spriocanna Straitéiseacha TG4:** (Lch 6) agus léirigh go soiléir an chaoi a dtacaíonn do mholadh le straitéis TG4.
- **Lucht Féachana:** Luaigh go soiléir an lucht féachana ar a bhfuil do mholadh dírithe. (Páistí, aoisghrúpa 15-35, 34-54, 55+)

## Príomhphointí:

- Beidh an gearrliosta curtha i gcrích roimh an **19/12/2025**
- Déanfar gearrliosta bunaithe ar riachtanais sceidealaithe agus tosaíochtaí straitéiseacha TG4.
- Má roghnaítear d'iarratas, déanfaidh an tEagarthóir Coimisiúnaithe teagmháil leat faoi na chéad chéimeanna eile agus faoi iarratas foirmeálta a dhéanamh.

- Cé go bhfaighimid go leor moltaí do chláir faisnéise aonair agus sraitheanna faisnéise, molaimid machnamh a dhéanamh ar sheánraí eile a oireann do spriocanna straitéise agus sceideal TG4.

- Tá gá ar leith againn le hábhar siamsaíochta ar ardchaighdeán do gach aoisghrúpa, go háirithe i gcomhréir le spriocanna TG4.

- Pléifear cearta ag an gcéad chéim eile den phróiséas má éiríonn leis an iarratas dul ar aghaidh chuig an ngearrliosta.

**Tábhachtach:**

- **Buiséad:** Smaointe ar féidir iad a léiriú le buiséid TG4 atá á lorg sa bhabhta seo. Más togra é a mbeidh tacaíocht chómhaoinithe ag teastáil ina leith, moltar gan iarratas a dhéanamh sa bhabhta seo.
- Tá réimsí na mbuiséad uaire bunaithe ar chritéir faoi leith. Má tá an costas léirithe ag teacht isteach ag an uasmhéid, is fiú é sin a phlé leis an Eagarthóir Coimisiúnaithe chun an seans is fearr a thabhairt don iarratas. Más togra é atá le léiriú ar chostas níos airde ná costas in aghaidh na huaire TG4, ní mór é a phlé leis an Eagarthóir Coimisiúnaithe chun treoir a fháil ar cheart é a chur ar aghaidh faoi bhabhtaí cómhaoinithe eile.
- Níor cheart tograí a diúltaíodh roimhe seo a chur isteach arís gan na hathruithe a moladh a dhéanamh in aiseolas TG4 a bheith déanta orthu ar dtús.

## Riachtanais Iarratais:

- Ní mór don iarratas a bheith i bhformáid PDF (2-4 leathanach ar a mhéad) agus treoir ar chostas buiséid uaire a bheith leis bunaithe ar an eolas sa gcáipéis seo. Má éiríonn leat, beidh buiséad mionsonraithe le cur ar fáil sa chéad chéim eile den phróiséas.

**Cuir san áireamh:**

- Cur síos ar an smaoineamh agus ar an gcur chuige cruthaitheach

- Amlíne léiriúcháin

- Foireann agus taithí

- Léiriú ar an gcaoi a bhfuil an togra ag teacht le súil eile agus straitéis TG4
- Sprioclucht féachana
- Cur chuige eagarthóireachta teangeolaíoch don léiriú - ní mór an cur chuige atáthar a úsáid sa chlár / sa tsraith chun an Ghaeilge agus caighdeán agus saibhreas na Gaeilge a chinntiú

**Gearrliostú:** Má chuirtear do thogra ar ghearrliosta, déanfar teagmháil leat ar ríomhphost an 19 Nollaig 2025 faoi réir comhaontú conartha i mí Eanáir 2026. Is é mian TG4 go mbeadh gach conradh bhfuil TG4 ag déanamh maoiniú 100% air ag an staid réamh-ghearrtha in 2026 más féidir.

**Ábhar Ilardáin:** Beidh TG4 ag súil go mbeifear in ann roinnt ábhair a chur ar fáil ar ardáin éagsúla. Ní mór a mheas an bhfuil an t-ábhar oiriúnach do na hardáin dhigiteacha mar chuid de do chur chuige ach ní gá go mbeadh gach smaoineamh in oiriúint do na hardáin dhigiteacha.

**Tacaíocht:** Beidh eagarthóirí coimisiúnaithe TG4 ar fáil le haghaidh cruinnithe le léiritheoirí a bhfuil suim acu sa bhabhta seo. Is féidir ceisteanna a chur ar aghaidh nó plé tosaigh a eagrú ach teagmháil a dhéanamh le: maryellen.ni.chualain@tg4.ie nó Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

## Seánraí Incháilithe

**Cúla4:** Lucht Féachana Bunscoile nó Réamhscoile: Ábhar tarraingteach agus spraíúil i ngach seánra atá á lorg a léiríonn ábhar a bhfuil spéis ag an lucht féachana seo ann. Is fiú smaoineamh ar an ábhar spéise is mó atá ag daoine óga - spórt, ealaín, eolaíocht, peataí, teicneolaíocht etc. Ní mór smaointe/tuairimí an lucht féachana a chur san áireamh agus ní mór stíl, ton agus brandáil a bheith soiléir ó thús an togra.

**Buiséad in aghaidh na hUaire: €40,000 - €55,000**

**Daoine Óga (Déagóirí agus daoine faoi 35)** Táimid ag lorg smaointe d'ábhar i ngach seánra don aoisghrúpa seo. Fáilteofar roimh ábhar grinn, siamsaíochta, faisnéise,

fíorasach, cúrsaí reatha, agus drámaíochta, srl. Ní mór an t-údar a mbeadh spéis ag an lucht féachana sa ábhar seo a chur in iúl.

**Buiséad in aghaidh na hUaire: €45,000 - €75,000**

## Siamsaíocht

Táimid ag lorg smaointe nua dána, siamsúla a chuirfidh daoine ag caint. Ba mhaith le TG4 coimisiúnú a dhéanamh ar shraitheanna siamsaíochta a bhriseann an múnla; siamsaíocht fhíorasach, teaghlaigh, greann agus a thagann le 'súil eile' TG4.

**Buiséad in aghaidh na hUaire: €55,000 - €75,000**

## Saolchláir:

Táimid ag lorg smaointe do shraitheanna saolchláir, a bheidh dírithe ar léargas úsáideach a chur i láthair don lucht féachana ar bhealach siamsúil agus éadrom. Smaointe a scagann saol an lae inniu. D'fhéadfadh an tsraith a bheith dírithe ar aoisghrúpa ar leith nó ar spriocLucht féachana ar leith. Beifear ag súil na sraitheanna seo a chraoladh roimh 9pm agus i rith na seachtaine. Fáilteofar roimh gach formáid.

**Buiséad in aghaidh na hUaire: €55,000 - €75,000**

## Ceol agus Ócáidí Ceiliúrtha:

Táimid ag lorg smaointe nua do chláir cheoil idir cheolchoirmeacha, ócáidí, shiamsaíocht cheoil agus cheol beo a luíonn go smior le 'súil eile' TG4 agus a spreagfaidh an lucht féachana.

B'fhiú d'ócáidí ceoil a bheith dírithe ar ócáid ar leith - Lá Fhéile Bríde, Lá Fhéile Pádraig, Samhradh 2026, Samhain agus Nollaig 2026.

Fáilteofar roimh gach réimse ceoil a thaitníonn le lucht féachana TG4.

**Buiséad in aghaidh na hUaire: ag braith ar réimse an chláir**

## Fíorasach

Ón stair a mhúnlaigh muid go dtí saincheisteanna an lae inniu, táimid ag lorg cláir agus sraitheanna faisnéise a spreagann, a chuireann eolas ar fáil agus a chuireann ag smaoineamh muid agus a bheidh maoinithe 100% ag TG4.

Táimid ag lorg smaointe nua do réimse leathan clár faisnéise — ábhar staire, comhaimseartha, reatha agus gach rud idir eatarthu. Cuirfear fáilte roimh smaointe do chláir faisnéise reatha thráthúla ar féidir iad a chur ar fáil go tapa.

*Is fiú a thabhairt faoi deara go mbíonn comórtas géar ann do choimisiúnú ábhair faisnéise mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear faoin seánra seo.

**Buiséad in aghaidh na hUaire: €65,000 - €90,000**

## Drámaíocht

Tá suim ag TG4 sraitheanna gearra drámaíochta nó micreadhrámaí nuálacha, bríomhara a choimisiúnú — scéalta móra a insítear in achar gearr agus a féidir a léiriú 100% ag TG4.

Teastaíonn scéalta agus léiriúcháin uainn a mbeidh tionchar mór acu. Táimid ag lorg smaointe nua drámaíochta a chruthaíonn nach bhfuil léiriú ollmhór ag teastáil don scéalaíocht chumhachtach. Ní theastaíonn ach fís, glór agus cruthaitheacht.

**Maidir le Micreadhrámaí**:

- **Gearr** – cúpla nóiméad ar fhad ar a mhéad - beidh tábhacht le gach radharc agus líne. Scéalaíocht dhírithe – Beidh scéalaíocht na micreadhrámaíochta dírithe ar eachtra, carachtar nó thráth mothúchánach amháin. Léiriú ar chostas íseal, rud a fhágann go bhfuil siad oiriúnach do chruthaitheoirí neamhspleácha nó d’ardáin dhigiteacha.
- **Tionchar mór** – Cé gur míreanna gearra iad, caithfidh tionchar mór a bheith acu: mothúcháin láidre a mhúscailt, smaointeoireacht a spreagadh, nó casadh san insint.
- **Formáidí solúbtha** – Is féidir leo a bheith dírithe ar charachtar nó faoi thionchar ag carachtair, dírithe ar shaincheisteanna sóisialta, grá, greann, nó bunaithe ar sheánra drámaíochta ar leith.
- D’fhéadfaí micreadhrámaí a chraoladh  ar YouTube,TikTok nó Instagram TG4 nó ar TG4 nó Seinnteoir TG4.

  **Buiséad: Ag brath ar an togra**

## Ealaíon

Táimid ag lorg clár ealaíon agus cultúir ina dtugtar dearcaí nua, ina dtugtar ardán d'ealaíontóirí agus do lucht cruthaitheacha, agus ina dtugtar faoi chur chuige nuálacha, ealaíonta agus cruthaitheach i leith na físiúlachta, na scéalaíochta agus an léirithe.

Ó chleachtais chruthaitheacha chomhaimseartha go scéalta mealltacha cultúir, táimid ag lorg smaointe teilifíse a mheallann, a spreagann, agus a thugann ardán do ghlórtha nach dtugtar aird orthu go minic.

Cláir aonair nó sraitheanna don phríomhham féachana atá á lorg.

**Buiséad in aghaidh na hUaire: €55,000 - €75,000**

## Nuálach nó Forbairt:

Is deis é seo aon smaoineamh in aon fhormáid a chur ar aghaidh. Cuir iontas orainn le hábhar nach bhfuil TG4, dar leat, a chur ar fáil faoi láthair agus a mbeadh spéis ag an lucht féachana ann agus mínigh cén fáth a bhfuil a leithéid d'ábhar ag teastáil.

**Buiséad in aghaidh na hUaire: Ag brath ar an togra**

## Oideachas:

Smaointe a chuireann leis an oideachas, leis an bhfoghlaim nó le sealbhú na teanga nó ábhar eile trí Ghaeilge nó a chuireann le litearthacht ar na meáin.

**Buiséad in aghaidh na hUaire: €45,000 - €75,000**

## Cúrsaí Reatha

Tá suim ag TG4 cur lena cuid clár cúrsaí reatha ar TG4.  Táimid ag lorg smaointe stuama agus dána ina bhfuil cúrsaí reatha lárnach agus a chuirfear i láthair ar bhealach éagsúil.

**Buiséad in aghaidh na hUaire: €65,000 - €90,000**

**Nóta:** Ní dhéanfar iarratais nach gcomhlíonann na riachtanais thuas a mheas.

### Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecomm.tg4.ie

Ní mór iarratais a uaslódáil roimh an spriocam agus iad a chur ar aghaidh trí ***'Babhta Sceideal 2026'*** a roghnú ón roghchlár anuas. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*